C/2024/2200

14.3.2024

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an 11 Márta 2024

lena gceaptar comhalta malartach amháin den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don Danmhairg

(C/2024/2200)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chinneadh ón gComhairle an 22 Iúil 2003 lena mbunaítear an Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair ([1]), agus go háirithe Airteagal 3 de,

Ag féachaint do liostaí na n-iarrthóirí a chuir Rialtais na mBallstát faoi bhráid na Comhairle,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh uaithi an 24 Feabhra 2022 ([2]), cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don tréimhse ón 1 Márta 2022 go dtí an 28 Feabhra 2025.

(2) Tá ainmniúchán breise tíolactha ag Rialtas na Danmhairge i dtaca le post amháin atá le líonadh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ceaptar, leis seo, an duine seo a leanas ina comhalta malartach den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don tréimhse dar críoch an 28 Feabhra 2025:

I. IONADAITHE FOSTÓIRÍ

Ballstát	Comhalta	Comhalta malartach
an Danmhairg		Christina Sode HASLUND

Airteagal 2

Ceapfaidh an Chomhairle na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha nár ainmníodh fós tráth níos déanaí.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

([1]) IO C 218, 13.9.2003, lch. 1.
([2]) Cinneadh ón gComhairle an 24 Feabhra 2022 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (IO C 92, 25.2.2022, lch. 1).

Arna dhéanamh sa Bhrusséil, an 11 Márta 2024.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
P.-Y. DERMAGNE